An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# Treoir Faisnéise maidir le Próisis Forbartha Curaclaim agus Measúnachta CNCM



# Clár an Ábhair

Maidir le CNCM 2
An chaoi a fhorbraímid curaclaim agus measúnachta 3
An próiseas chun sonraíochtaí a fhorbairt 6
Ár struchtúir 8
Ár bhfoireann feidhmiúcháin 10
Déan teagmháil linn 13

## Maidir le CNCM

Bíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar a dtugtar CNCM, ag obair le páirtithe leasmhara an oideachais chun an curaclam a mhúnlú do naíonáin, lapadáin, páistí agus scoláirí in Éirinn. Déanann CNCM amhlaidh trí chomhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir leis an gcuraclam agus leis an measúnacht dóibh seo a leanas:

- oideachas luath óige
- bunscoileanna
- iar bhunscoileanna.

Cuirimid comhairle ar an Aire freisin maidir le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna, lena n áirítear scrúduithe mar chuid den churaclam. Tríd an sainchúram leathan sin, tá ról lárnach ag CNCM chun cinntí beartais san oideachas a mhúnlú.

Bunaíodh CNCM in 1987 mar chomharba ar an mBord Curaclaim agus Scrúduithe agus athbhunaíodh é mar chomhlacht reachtúil 14 bliana ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2001. Is é an fhís atá ag an gComhairle forbairtí a stiúradh agus a chothú sa churaclam agus sa mheasúnacht, forbairtí atá sách forleathan ionas go mbeidh gach duine óg in ann eispéiris atá taitneamhach, rannpháirteach, ábhartha agus atá dúshlánach go cuí a bheith acu, agus ionas gur féidir leo tairbhiú astu, chun tacú le bheith ag foghlaim agus ag maireachtáil i ndomhan atá ag athrú, agus le bheith ag rannchuidiú leis agus ag tabhairt aire dó.

Léirítear leis an gcuraclam a fhorbraímid dréimeanna agus ábhair imní oideachasúla, chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíocha shochaí na hÉireann.





## An chaoi a fhorbraímid curaclaim agus measúnachta

Cuirtear béim láidir lenár gcur chuige i leith fhorbairt an churaclaim ar Thaighde, Cíoradh, Gníomhaíocht líonraithe agus Comhairliúchán. Leis na ceithre cholún sin, tacaítear lenár gcuid oibre chun forbairt a dhéanamh ar chomhairle curaclaim agus measúnachta atá dírithe ar rannchuidiú le feabhsú marthanach sa chóras oideachais. Tagann an chomhairle sin as rannpháirtíocht réimse leathan páirtithe leasmhara. Déantar eolas di trí fhianaise thaighde, dea chleachtas, comhairliúchán poiblí, agus tagann sí chun cinn trí na pléití agus tríd an gcíoradh a bhíonn ann laistigh de Mheithleacha Forbartha, Boird agus Comhairle CNCM.

### 1. Taighde

Tá cuid mhór oibre leis an taighde i gceist lenár gcur chuige. Ginimid, úsáidimid agus comhroinnimid cineálacha éagsúla taighde mar bhonn chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim, teagasc agus measúnacht. Pléimid le páirtithe leasmhara éagsúla sa chóras, ina measc naíonáin, lapadáin, páistí, scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, oideoirí luath óige agus ceannairí scoile ar bhealaí barántúla, comhoibríocha agus fiúntacha. Féachaimid lena gcuid peirspictíochtaí agus eispéireas a ghabháil. Comhoibrímid freisin le taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun páipéir ar ghnéithe den churaclam agus den mheasúnacht a fhorbairt. Áirítear leis an obair sin athbhreithnithe taighde, staidéir fhadaimseartha agus iniúchtaí litríochta, a bhfuil gach ceann díobh ina chuidiú chun eolas a dhéanamh dár gcuid oibre agus chun í a chur ar aghaidh. Foilsítear ár ngníomhaíocht taighde ar shuíomh gréasáin CNCM (féach Foilseacháin agus Taighde | CNCM).

### 2. Gníomhaíocht líonraithe

Níos mó agus níos mó, tá oibriú le scoileanna agus suíomhanna luath óige i gceist lenár gcur chuige chun comhairle a fhorbairt don Aire. Úsáidimid cuir chuige éagsúla chun idirghníomhú agus comhoibriú le hoideoirí luath-óige, múinteoirí, daoine óga, ceannairí suímh/scoile agus tuismitheoirí chun forbairtí curaclaim agus measúnachta a athbhreithniú, a phlé agus a mhúnlú. Trí bheith ag obair go díreach le scoileanna agus suíomhanna luath óige aithnítear peirspictíochtaí múinteoirí agus oideoirí luath óige, agus an taithí saoil a bhí ag páistí agus scoláirí, agus tarraingítear ar an méid sin. Cuidíonn a nuálaíochtaí i ndáil leis an gcuraclam agus leis an measúnacht le heolas a dhéanamh dár gcuid oibre. Glacaimid páirt freisin i dtionscnaimh churaclaim agus mheasúnachta trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus líonraí. Leis an ngné sin de ghníomhaíocht CNCM cuirtear malartú faisnéise agus ardinniúlachta chun cinn i measc gairmithe oideachais. Tríd sin, cuirtear lenár gcuid eolais, éifeachtúlachta agus éifeachtachta i dtaobh forbairtí curaclaim a dhéanamh.

### 3. Comhairliúchán

Is bunchloch dár gcuid oibre é an comhairliúchán, agus baintear leas mór as aiseolas ón earnáil oideachais agus ón bpobal i gcoitinne inár gcur chuige. Tugaimid faoin gcomhairliúchán ag gach céim den fhorbairt curaclaim, agus deiseanna straitéiseacha agus córasacha á gcur san áireamh chun éisteacht go díreach le hoideoirí luath óige, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, daoine óga, comhlachtaí bainistíochta, comhlachtaí gairmiúla, agus ceardchumainn múinteoirí. Ar an dóigh sin, úsáidimid réimse cur chuige agus formáidí lena n áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, seimineáir ar líne agus i bpearsa,

seimineáir ghréasáin, siompóisiamaí, cruinnithe déthaobhacha, fócasghrúpaí, suirbhéanna ar líne agus fóraim eile.

### 4. Cíoradh (Plé)

Cuirimid ár gcomhairle le chéile trí chíoradh a tharlaíonn ag cruinnithe de Mheithleacha Forbartha, de Bhoird agus den Chomhairle. Trí thaighde, foghlaim ónár gcuid oibre le scoileanna agus suíomhanna luath óige agus aiseolas comhairliúcháin, múnlaítear pléití laistigh de na struchtúir sin. Le ballraíocht ionadaíoch na Meithleacha Forbartha agus na mBord, tugtar le chéile barúlacha agus peirspictíochtaí éagsúla, agus réimse ardinniúlachta agus taithí chun machnamh ar fhoghlaim, teagasc agus measúnacht a cheistiú agus a chur chun cinn. Trí bheith ag obair ar an mbealach comhoibríoch sin, is féidir leis an gComhairle trí chomhthoil, agus comhairle atá bunaithe ar thaighde, agus cuirtear taithí san áireamh laistigh de scoileanna agus suíomhanna luath óige, agus a bhfuil daoine óga ina gcroílár.

## Ról Daoine Óga

Tá ról lárnach ag daoine óga chun obair CNCM a mhúnlú trasna Taighde, Gníomhaíocht líonraithe, Comhairliúcháin agus Cíoradh. Leis an obair sin tugtar meas do cheart daoine óga agus cuirtear chun cinn é ionas go n-éistfear lena nguthanna agus go gcuirfear san áireamh iad nuair atáthar ag múnlú na comhairle curaclaim agus measúnachta a fhorbraímid. Tá cuid mhór le rá ag daoine óga ón mbreith go 18 mbliana d'aois linn faoin méid a mbaineann siad taitneamh as ina gcuid eispéireas foghlama agus faoin méid a mheasann siad a bheith tábhachtach, agus faoi chuspóir na n eispéireas sin dar leo. Le linn nuashonrú a dhéanamh ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath Óige*, chuamar i gcomhairle le babaithe, lapadáin agus páistí óga. Ar leibhéil bhunscoile agus iar bhunscoile, tá comhairliúcháin le páistí/scoláirí ag cuidiú le hathfhorbairt a dhéanamh ar churaclam na bunscoile agus na sraithe sinsearaí, chomh maith le múnlú a dhéanamh ar ár n athbhreithnithe ar luath achtú ábhair na sraithe sóisearaí.

Ina theannta sin, bíonn na hocht bprionsabal atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach mar bhonn faoi fhorbairt chomhairle CNCM. Fite fuaite sna prionsabail sin, tá luachanna an mheasa, an chomhionannais, na gairmiúlachta agus an ionracais agus iad lárnach maidir lenár gcuid oibre ar an gcuraclam agus ar an measúnacht. Tugtar breac chuntas ar na hocht bprionsabal sa tábla thíos.



| Prionsabal | An chaoi a léirítear an prionsabal inár n-obair |
|---|---|
| **Ionchuimsiú agus éagsúlacht** | Cuireann ár n-obair ar chumas forbartha an churaclaim agus mheasúnaithe a aithníonn éagsúlacht agus cearta gach duine óg agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste/scoláire chun a bpoitéinseal a bhaint amach. |
| **Comhpháirtíocht agus comhoibriú** | Agus muid ag úsáid réimse formáidí cumarsáide, oibrímid i gcomhar le suíomhanna agus scoileanna luath-óige, agus leis an earnáil oideachais níos leithne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun forbairtí curaclaim agus measúnaithe a mhúnlú. |
| **Comhairliúchán** | Déanaimid comhairliúchán go forleathan agus bainimid úsáid as réimse uirlisí agus próiseas chun cinntiú go ndéanann réimse saibhir guthanna, peirspictíochtaí agus dearcthaí atá mar chuid de shochaí na hÉireann eolas dár gcuid oibre. |
| **Guth an pháiste/ an scoláire** | Tugann ár n-obair meas do cheart na bpáistí agus na scoláirí agus cuireann sé chun cinn é ionas go n-éistfear lena nguthanna agus go gcuirfear san áireamh iad nuair atáthar ag múnlú na comhairle curaclaim agus measúnaithe a fhorbraímid. Tá ár rannpháirtíocht le daoine óga cuí ó thaobh aoise agus céime agus cuireann sé an chaoi a ndéanann siad cumarsáid san áireamh. |
| **Bunaithe ar fhianaise** | Bainimid úsáid as réimse leathan taighde, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta chun eolas a dhéanamh dár smaointeoireacht ar churaclam agus measúnú. |
| **Nuálaíocht agus freagrúlacht** | Cuirimid luach ar fhiosrúchán agus is maith linn smaointe agus smaointeoireacht nua a chloisteáil de réir mar a chuirimid le láidreachtaí an chórais oideachais agus mar a bhforbraímid comhairle churaclaim agus mheasúnaithe atá sofhreagrach agus ábhartha chomh maith le bheith nuálach agus uaillmhianach go cuí. |
| **Comhleanúnachas, leanúnachas agus dul chun cinn** | Tugaimid aird ar chomhleanúnachas curaclaim agus measúnaithe taobh istigh de agus ar fud na n-earnálacha ar fad chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn go cuí i dturas oideachais duine óig le linn dúinn a bheith ag tabhairt measa do nádúr agus d'fhéiniúlacht éagsúil gach céim agus earnáil. |
| **Eagraíocht foghlama** | Táimid tiomanta d'eispéireas oideachais daoine óga a fheabhsú. Mar thacú leis seo, cuirimid cultúr foghlama chun cinn agus cothaímid é i measc ár mball foirne agus taobh istigh de struchtúir CNCM. |

## An próiseas chun sonraíochtaí a fhorbairt

Caithimis súil níos géire anois ar na próisis a úsáidimid chun comhairle curaclaim agus measúnachta a fhorbairt don Aire. Is cabhrach idirdhealú a dhéanamh idir athbhreithniú níos leithne ar an gcuraclam agus sonraíocht agus treoirlínte a bhaineann le hábhar / modúl / réimse curaclaim a fhorbairt.

Is iondúil go mbíonn athbhreithniú níos leithne ar an gcuraclam dírithe ar chéim ar leith den oideachas, amhail an tOideachas Bunscoile nó Oideachas na Sraithe Sinsearaí, agus is éard is aidhm dó féachaint ar chuspóir, struchtúr agus ábhar foriomlán an churaclaim agus socruithe measúnachta don chéim sin. Maidir leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh ábhar / modúl / réimse curaclaim ar leith, is iondúil go bhforbraítear í i gcomhthéacs an athbhreithnithe curaclaim níos leithne sin, agus mar fhreagairt air sin.

Maidir lenár bpróiseas a bhaineann lenár gcuraclam a dhearadh chun sonraíocht ábhair / mhodúil / réimse curaclaim a fhorbairt, baineann céimeanna idirghaolmhara éagsúla leis, agus gníomhaíochtaí gaolmhara ag gach ceann acu. Is ann do thrí phríomhréimse ar féidir leo forluí ar a chéile.

- **Múnlú curaclaim:** Múnlaítear agus pléitear na smaointe lena ndéantar eolas d'fhorbairt na sonraíochta. Go príomha, is éard atá i gceist leis sin cáipéis eolais agus/nó taighde coimisiúnaithe ar an ábhar / an modúl / an réimse curaclaim atá i gceist. Foilsítear an páipéar le haghaidh comhairliúchán poiblí, agus déanann an cháipéis eolais agus an t-aiseolas comhairliúcháin eolas d'obair na Meithle Forbartha agus an Bhoird ábhartha a bhfuil sé de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar an obair ar an tsonraíocht churaclaim sin. I gcásanna áirithe, gintear páipéar taighde seachas cáipéis eolais.
- **Forbairt Curaclaim:** Déanann an Mheitheal Forbartha maoirseacht ar ghiniúint an dréachtchuraclaim sonraíochta. Foilsítear an dréacht sin le haghaidh comhairliúchán poiblí.
- **Faomhadh agus foilsiú an churaclaim:** Agus eolas á dhéanamh don tsonraíocht leis an aiseolas comhairliúcháin, cuireann an Mheitheal Forbartha i gcrích í, déanann an Bord ábhartha maoirseacht uirthi agus faomhann an Chomhairle í. Seoltar an tsonraíocht ansin chuig an Aire Oideachais lena breithniú. Nuair a fhaomhann an tAire an tsonraíocht, foilsítear í ar líne ag https://www.curriculumonline.ie/ga-ie. Is minic go mbíonn tréimhse 12 mhí ann sula dtugtar isteach i mbunscoileanna, iar bhunscoileanna agus scoileanna speisialta í. Déantar amhlaidh chun éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar, d'ullmhúcháin na scoileanna agus na múinteoirí féin don athrú ar an gcuraclam, agus d'fhorbairt acmhainní don teagasc agus don fhoghlaim.


Cé nach bhfuil CNCM freagrach as athruithe curaclaim a chur chun feidhme, tacaímid le hathrú oideachasúil i suíomhanna luath óige agus scoileanna trí réimse ábhair thacaíochta a fhorbairt, ar nós samplaí de chleachtas, samplaí d'obair scoláire, sraitheanna uirlisí úsáide ar líne agus áiseanna pleanála, agus trí oibriú leis na seirbhísí tacaíochta de réir mar a chuireann siad athruithe curaclaim agus measúnachta i láthair oideoirí luath óige agus múinteoirí.





## Ár struchtúir

Tá struchtúir éagsúla i gceist leis an gcomhairle curaclaim a fhorbraíonn CNCM. Tugann gach ceann díobh faoi thascanna sonracha maidir le hobair fhoireann feidhmiúcháin CNCM a stiúradh agus eolas a dhéanamh di. Tá cur síos gairid ar ról agus feidhmeanna gach struchtúir anseo thíos.




### An Chomhairle

Tá 26 comhalta ar Chomhairle CNCM. Ar na comhaltaí sin tá ainmnithe ó cheardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta scoile, scoláirí, tuismitheoirí, gnólachtaí, eagraíochtaí eile san oideachas, agus ainmniú de chuid an Aire Oideachais agus ainmniú de chuid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Féach Comhairle 2022–2026 | CNCM le haghaidh bhallraíocht na Comhairle. Ceapann an tAire Oideachas ár gComhairle agus a cathaoirleach. Tagann an Chomhairle le chéile seacht n uaire in aghaidh na bliana ar a laghad, agus ag tráthanna eile de réir mar is gá.

Leagann an Chomhairle a cuid tosaíochtaí oibre amach i bplean straitéiseach ceithre bliana. Tá na tosaíochtaí oibre reatha bunaithe ar thrí sprioc straitéiseacha sna réimsí seo a leanas: *Curaclam agus Measúnacht*, *Rannpháirtíocht agus Comhoibriú*, agus *Eolas agus Taighde*. Soláthraítear tacaíocht chriticiúil chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach le ceithre chumasóir straitéiseacha: *Daoine agus cultúr na heagraíochta*, *Rialachas*, *Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide*, agus Cumarsáid. Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil ó gach cumasóir agus tá ról lárnach acu chun fís agus misean CNCM a bhaint amach.



### Boird

In oideachas na luath óige, na bunscoile, na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí, déanann Boird maoirseacht ar an obair churaclaim agus mheasúnachta. Tríd an maoirseacht sin áirithítear go mbeidh na réimsí éagsúla oibre, faoina dtugtar ag aon am ar leith, ina rannchuidiú le cur chuige comhtháite agus soláimhsithe le haghaidh suíomhanna luath óige agus scoileanna agus, ar deireadh, ina rannchuidiú le heispéireas oideachasúil leathan agus cothrom do dhaoine óga.

Is ann do thrí Bhord – an Bord don Luath Óige agus don Bhunscoil, an Bord don tSraith Shóisearach agus an Bord don tSraith Shinsearach. Tá na Boird freagrach as a áirithiú go ndéanfar an fhorbairt churaclaim agus mheasúnachta i gcomhréir le téarmaí na dtreoracha comhaontaithe do mheithleacha forbartha. Déanann Boird athbhreithniú ar gach réimse oibre i gcomhthéacs obair níos leithe san earnáil sin. Ina theannta sin, pléann boird saincheisteanna suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn i ngach réimse oibre agus, i gcás inarb iomchuí, déanann siad naisc le forbairtí ar fud réimsí agus earnálacha eile. Leis na gníomhaíochtaí sin, feabhsaítear cáilíocht ár gcuid oibre forbraíochta agus déantar eolas do dhíospóireacht oideachais laistigh den eagraíocht, laistigh de na gníomhaireachtaí dá ndéantar ionadaíocht, agus sa phobal oideachais trí chéile. Tá ainmneacha chomhaltaí na mBord le fáil ag Boird agus Meithleacha Forbartha | CNCM. Cé go bhfuil an Chomhairle freagrach as an gcomhairle curaclaim agus measúnachta uile a fhaomhadh, déantar eolas dá cinnteoireacht trí chíoradh ar leibhéal na mBord.

### Meithleacha Forbartha

Tugann Meithleacha Forbartha faoi chúraimí sonracha i réimsí curaclaim, ábhair, modúil nó cláir. Comhaontaíonn an Chomhairle obair na Meithleacha Forbartha i bhfoirm treorach do gach réimse oibre nua. Leagtar amach sa treoir raon na hoibre curaclaim agus measúnachta, amscála tascach ina measc. Nuair a fhaomhann an Chomhairle an treoir, déantar obair na Meitheal Forbartha ábhartha a threorú léi.

Agus comhaltaí na Meithle Forbartha á dtreorú leis an treoir, tugann siad a gcuid eolais, ardinniúlachta agus taithí don chíoradh, agus an tráth céanna tuairiscíonn siad dá gcuid gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ainmniúcháin, agus pléann siad leo. Agus an treoir á comhlíonadh ag na Meithleacha Forbartha, bíonn rochtain acu ar ardinniúlacht sa réimse ábhartha agus soláthraíonn siad comhéadan éifeachtach le gairm na múinteoireachta, fírinní suíomhanna luath óige agus scoileanna agus barúlacha na gcomhpháirtithe oideachais i gcoitinne.

Le linn do chomhaltaí na Meithle Forbartha a gcuid oibre a dhéanamh:

- tugann siad a mbarúil faoi dhréachtcháipéisí churaclaim a fhorbairt, agus rannchuidíonn siad leis sin
- áirithíonn siad go mbeidh barúlacha / beartas an chomhlachta ainmniúcháin ina gcuid den phlé
- tacaíonn siad le próisis chomhairliúcháin ag príomhchéimeanna den phróiseas forbartha
- tugann siad an t eolas is déanaí dá gcuid eagraíochtaí ainmniúcháin maidir le hobair leanúnach na Meithleacha Forbartha.

Foilsítear tuairiscí gairide ar obair agus cíoradh Meithleacha Forbartha ar www.ncca.ie chun tacú le rannpháirteachas níos leithne leis an obair agus chun cuidiú le comhaltaí cumarsáid a dhéanamh lena n eagraíochtaí ainmniúcháin. Tríd sin, rannchuidítear freisin le trédhearcacht agus cuntasacht níos mó i bpróiseas forbartha an churaclaim.

Tá ionadaithe ar gach Meitheal Forbartha ó cheardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta agus an Roinn Oideachais. I gcásanna áirithe, is féidir go n ainmneofar ionadaithe tuismitheoirí chuig Meithleacha Forbartha. I gcás an oideachais iar bhunscoile, déantar ionadaíocht ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus déantar ionadaíocht ar leasanna breisoideachais agus ardoideachais ar Mheithleacha Forbartha a thacaíonn le forbairtí sa tsraith shinsearach. I gcás inarb ann dóibh sin, iarrtar ar Ghrúpaí agus Comhlachais Múinteoirí a aithnítear faoi Scéim an Líonra Phroifisiúnta Múinteoirí ionadaí a ainmniú chuig an Meitheal Forbartha ábhartha. Déantar roinnt comhaltaí a chomhthoghadh freisin ar gach Meitheal Forbartha. Aithnítear na comhaltaí sin trí ghlao oscailte, poiblí do dhaoine aonair chun go léireoidís spéis i ndul isteach i ngrúpa ar leith. Tugann na comhaltaí comhthofa ardinniúlacht, eolas agus scileanna breise don obair a chomhlánaíonn obair na n ionadaithe ó na comhlachtaí ainmniúcháin. Dála na Comhairle agus na mBord, foilsítear ainmneacha chomhaltaí na Meithle Forbartha ar líne ag www.ncca.ie.

## Ár bhfoireann feidhmiúcháin

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann lánaimseartha a stiúrann obair laethúil ár gComhairle. Ar fhoireann tá beirt Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (ceann amháin a dhéanann maoirseacht ar an Oideachas Bunscoile agus Luath Óige agus ceann eile a dhéanann maoirseacht ar obair ar an leibhéal Iar bhunscoile), Stiúrthóirí agus Oifigigh Oideachais. D'oibrigh roinnt mhaith de na comhaltaí foirne sin mar oideoirí luath óige, múinteoirí agus ceannairí scoile i suíomhanna oideachasúla timpeall na tíre, agus tá cáilíochtaí iarchéime acu. Tugann siad an taithí agus an ardinniúlacht sin dá gcuid oibre i dteannta cruthaitheachta agus nuálaíochta. Tacaíonn ár bhFoireann Seirbhísí Corparáideacha lenár ngníomhaíocht churaclaim agus mheasúnachta, agus déanann maoirseacht ar obair CNCM i dtaobh rialachais agus gnóthaí corparáideacha. Foilsítear tuilleadh faisnéise ar ár bhfoireann feidhmiúcháin ag Ár struchtúir | CNCM.







## Déan teagmháil linn

Is féidir leat thú féin a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre anseo in CNCM ach CNCM a leanúint ar na hardáin meán sóisialta éagsúla atá againn (X, Instagram, Facebook agus LinkedIn).

Téigh chuig suíomh gréasáin CNCM: ncca.ie curriculumonline.ie

Cuir ríomhphost chugainn info@ncca.ie

Glaoigh orainn 01 661 7177

Íomhánna Meán Sóisialta

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment